Boird Fhiontraíochta Chathair agus Contae

Treoir chun larrtas ar chabhair airgid ón mBord Fiontraíochta a dhéanamh



LEABHRÁN EOLAIS.

Bord Fiontraíochta
Iarthar Chorcaí,
Sráid Kent,
Cloch na Coillte,
Co.Chorcaí.
T: 023-34700
F: 023-34702
www.wceb.ie
enterprise@wceb.ie.

Boird Fhiontraíochta Chathair agus Contae

Comhlucht is ea Bord Fiontraíochta, comhlucht urraithe agus bunaithe ag an Rialtas chun fiontair a chur chun cinn i ndúthaigh áirithe. Tá tríocha cúig Bord Fiontráiochta Chathair agus Contae sa tír. Faigheann siad airgead ónár Rialtas agus ó Chiste Bhonneagair an AE faoi Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Bíonn cabhair de shaghasanna éagsúla ar fáil ó gach ceann díobh, cabhair chun cabhrú leat chun do ghnó a bhunú nó a mhéadú. Cúram atá ages na Boird ná fiontair a spreagadh is a chothú ina mbeidh suas le deichniúr fostaithe le déantús, próseáil nó seirbhísí idirnáisiúnta trádála.

Cúraimí na mBord Fiontraíochta Chathair agus Contae.

Tugann na Boird cabhair do ghnótha a fhostaíonn suas le deichniúr ina ndúthaigh mar seo leanas.

- Comhairle ghnó.
- Teagmháil le heagraíochtaí eile, eagraíochtaí Rialtais agus Fiontraíochta.
- Oiliúint d'úinéirí bainisteoirí agus fostaithe tabhachtacha
- Scéimeanna gnó agus Forbhartha.
- Comhairleoir áirithe do gach comhlucht.
- Maoiniú.
- Comhairle i leith fiontair agus spás oibre.
- Iarchabhair.

Sórtanna cabhrac Airgid a bhíonn ar fáil osna Boird.

Féadann na Boird cabhrú le tograí cuí le beartanna maoinithe, tograí mar ghnó úr-nua nó méadú ar ghnó atá sáite i ndéantús, próiseáil nó seirbhísí trádala idirnáisiúnta. Bíonn na saghasanna cabhrach seo leanas ar fáil.

- Cabhair do Thograí Caipitil (sé sin soláthar d'fhearas nua nó tógáil agus réiteach ceardlainne.)
- Deontaisí Fostaíochta (chun poist lán-aimsire a chruthú).
- Cabhair do scrúdaí féidireachta (ar earraí úrnua, nó seirbhísí de shaghasanna nua).
- Cabhair le scaireanna agus mar sin de (Do ghnóanna atá ag fás nó gnóanna túsláidre).

Má smaoiním ar bheart gnó, an bhféadfainn é a phlé leis na mBord Fiontraíochta.?

Is féidir le héinne a leithéid a phlé leis an mbord, is cuma luath nó mall. Má meastar go bhfuil sé oiriúnach do chabhair, is féidir cur isteach air ansan. Muna meastar amhlaidh b'fhéidir go stiúróidh an Bord an duine sa treo ceart i leith comhairle, oiliúint agus mar sin go dtí dream éigint eile gur féidir leo cabhrú leis.

An mbeinn cinnte go coimeádfar mo smaointí fé rún?

Bheifeá. Ní scéitear faic.

Conas a meastar iarratas ar dheontas?

Scrúdaíonn Coiste Scrúdaithe gach iarrtas, coiste ina bhfuil daoine gairmiúla ina n-áirítear Fear Bainc, Cúntasóir, oifigeach de hEnterprise Ireland, fear gnó agus feidhmeannach den Chomhairle Chontae. Scrudaíonn siad siúd na

hiarrtais uile agus tugann a mbreith don mBord. Measann an Bord na hiarrtais agus na moltaí ón gCoiste. Tagann an Coiste Scrúdaithe agus an Bord le chéile go minic chun súil a choimeád ar thograí.

Moltar duit dul i gcomhairle le hOifigeach Boird i leith sceideal na gcruinnithe.

Ní molfar aon chabhair airgid go ndeimhneoidh Fear Ceannais an Bhoird i scríbhinn moladh an bhoird go mbronnfaí é.

Má bhíonn cabhair uaim chun m'iarrtas a chumadh, an ceadaítear dom é a phlé leis an mBord.
Bíonn foireann an Bhoird lán-tsásta cabhrú leis an obair sin, agus comhairle a thabhairt i dtaobh beart gnó a chur le chéile. Moltar duit do thogra a chéadphlé le Feidhmeannach Boird, roimh iarrtas a chur isteach.

Cabhairbhearta Airgid

Tá réimse de sheifteanna ag an mBord chun tacaíocht le mionghnóanna, ina n-áirítear

1. Cabhair airgid i gcomhair Tograí Caipitil.
Is féidir é seo a fháil
- chun fearas a cheannach,
- chun foirgneamh a athchóiriú nó innil a cheannach.
Níl ceannach talún, foirgintí, nó feithiclí inglactha le haghaidh cabhair airgid.

Beifear in ann cabhair le haghaidh Chaiteachas Caipitil a dháileadh mar seo leanas;-
Airgead cúnta caipitil agus iasachtaí cabhracha.

D'fhéadfadh chomh hard le 50% de chostas bunsóchmhainní somhaoinithe, nó §75,000, pé acu is lú,

d'infheistíocht chomh hard le §150,000 , a bronnadh do thograí oiriúnacha. Den mhaoiniú iomlán, tabharfar ar a mhéid 35% den lánchostas mar dheontas nach gá a athíoc, agus 15% ar a laghad mar iasacht ach gan ús a bheith air. Caithfear glacadh leis an deontas agus an iasacht i dteannta a chéile.

Féadfar tacaíocht trí scaireanna chomh hard le 50% nó §75000, pé acu is lú, d'infheistíocht fé bhun §150000 a bhronnadh ar thograí oiriúnacha i bhfoirm scaireanna. Ní déanfar ach sa chás gur léirigh an t-iarrthóir gá le cúnamh i leith fostaíocht nó costas caipitil.

2. Airgead cabhrach chun Fostaíochta
D'fhéadfadh cabhair le poist lán-aimseartha a chruthú a bheith ar fáil. Beidh deontaisí fostaíochta i gcomhair suas le 10 bpost le fáil do thograí chomh fada ná cuirtear poist reatha ar ceal. Cabhrófar mar seo leanas..

Deontaisí Fostaíochta

D'fhéadfaí é a bhronnadh chomh hard le §7500 an post, i gcomhair suas le 10 bpost.. D'fhéadfaí iad a íoc le haghaidh fostaithe comhluchta nó leis an úinéar, chun a ghnó a chur chun cinn.

Dáilfear i ndá leath. An chéad chuid ag a thús oibre tar éis dó clárú do PRSI, agus an tarna cuid nuair a deimhnítear an post a bheith ann le leathbhliain agus cúrsaí cánach agus PRSI a bheith in eagar.

3. Airgead cúnta do scrúdaí féidireachta
D'fhéadfadh cabhair a fháil i gcomhair scrúdaí féidireachta i leith fiúntas pleananna agus earraí urnua. Ní glacfar de ghnáth le pleannana gnó agus scrúdaithe i réimsí ina bhfuil an margadh plódaithe, nó i gcomhair earraí gur tugadh breith dhiúltach orthu cheana féin.

Deontaisí le haghaidh scrúdaí Féidireachta

Chomh hard le 50% agus §5100 ar a mhéid i gcomhair scrúdú amháin.

Tionscadail Inghlacthaithe:

Bheadh caoi ar airgead cabhrach sna cásanna seo..
- Tionscadail déantúis, próiseála agus seirbhísí trádála idirnáisiúnta.
- Rannpháirtíocht ag an mBord le dreamanna eile (údaráis áitiúla etc.) chun spás oibre do mhionghnóthaí nó áiseanna ardtheicneolaíochta a chur ar fáil dóibh.
- Gnóthaí inghlacthaithe fé stiúr daoine atá dífhostaite ar feadh i bhfad, nó daoine a scaoileadh saor ó obair, Gnóthaí a chuirfidh iomaíocht chun cinn agus a choimeádfaidh daoine ina ndúthaigh féin.
- Tionscadail fhiúntacha a spreagadh i meánscoileanna nó in ollscoileanna.

Caithfidh na nithe seo leanas a chur san áireamh do thionscadail inghlacthaithe, chomh maith.
- Margaí fónta don tionscadal
- Maoiniú
- Bainisteoireacht agus scil theicniciúil chun an ghnó.
- Caithfear brabús a bheith ann, sé sin ioncam a dhéanamh nó a mhéadú dóibh siúd atá rannpháirteach ann, agus acmhainn chun fostaíocht a mhéadú.
- Luí isteach le beartais reatha, ceadúnais, agus rialacha leagtha síos de réir dlí.
- *Ní dáiltear airgead don aimsear chaite. Ní cúitítear aon chostas ón tráth roimh dheimhniú deontais an Bhoird.*

Tionscadail nach nglacfar leo

Ní maoineofar...
- Tionscadail a bhaineann le toradh na talún, feirmeoireacht orgánach san áireamh.
- Comhdháileanna agus traenáil urraithe, seachas oiliúint a chuireanna an Bord ar fáil.
- Seirbhísí áitiúla; Réimsí gnó a chuirfeadh as d'fhostaíocht atá ann, mar shampla tógálaithe, bearbóirí, tithe bídh, tábhairní, óstáin, gnáthcheardanna. Agus líon maith gníomhairí i ngort áirithe, caithfidh an Bord smaoineamh a dhéanamh ar an dtoradh dá dtabharfaidís deontas do dhuine amháin, ag baint na cosa den ndream eile.
- Siopaí agus seirbhísí gairmiúla (agus comhairle).
- Turasóireacht, lóistín nó spórt nó súgradh a bhaineann le turasóireacht.

- Tionscadail a thagann salach ar pholasaithe an rialtais.
- Tionscadail a chothaíonn Comhluchtaí Stáit cheana féin, nó a chothaíonn Scéimeanna den AE.
- Comhluchtaí go bhfuil baint cheana féin acu le hEnterprise Ireland nó an IDA.
- Tionscadail le breis is deichniúr d'fhoireann.
- Gill shoghluaiste, mar shampla caranna, veaineanna, innealra soghluaiste.

Chéad-iarrtas ar Chabhair Airgid

Is féidir iarrtas ar chabhair airgid a dhéanamh má líonann tú isteach foirm iarrtais agus é a sheoladh chuig an Bord le gnóphlean cuimsitheach. Déanfaidh feidhmeannach ón mbord teagmháil leis an iarrthóir chun an beart a chíoradh, má's gá.

Cé'n t-eolas ar chóir dom a chur im' iarrtas?
Caithfear an t-eolas seo leanas a thabhairt i ngach iarrtas:

- ✓ **Foirm iarrtais an Bhoird Fiontraíochta** críochnaithe agus sínithe.
- ✓ **Gnóphlean cuimsitheach** a chuireann síos ar an ngnó atá beartaithe, an áit oibre, na spriocanna sa ghearr-thearma agus i bhfad, agus conas a bainfear amach na spriocanna.
- ✓ Meastúcháin ar **ghluaiseacht airgid , sochar agus dochar agus cuntas cothromaíochta** don chéad dá bhliain.
- ✓ Don ngnó atá ann cheana féin, **cúntais dearfaithe** don dá bhliain atá imithe.
- ✓ **Litreacha deimhniúcháin ó Bhainc etc.** i dtaobh iasachtaí agus rótharraingt.
- ✓ **Cead pleanála.** An bhfuil cead tógala agat.
- ✓ Mionchur síos ar **cheardcháilíocht agus cáilíocht ghnó** an iarrthóra.
- ✓ Sonraí ar aon **mhaoiniú stáit nó eile atáthar** á lorg.

Cogar: Ní féidir cur isteach ach ar aon saghas cabhrach in aon am.

Ag Déanamh Athiarrtas nó Iarrtas ar bhreis cabhrach

Má fuaireas cabhair cheana, ach táim anois ag lorg cabhrach, cé'n t-eolas is gá a thabhairt im' iarrtas?

Is gá an t-eolas seo leanas le hathiarrtas.

- ✓ **Cuntais deimhnithe** don dá bhliain atá imithe.
- ✓ Cuntais ar ghluaiseacht airgid agus **cuntais bhainistíochta** don tréimhse chéanna.
- ✓ Mion-chuntas ar **scaireanna**.
- ✓ Eolas fé **mhargaí nua** a freastalófar orthu sa ghnó seo, agus **tuar díolacháin.**
- ✓ **Gnóphlean** urnua.
- ✓ Teastas ón **mBanc** ar iasachtaí agus rótharraingt.
- ✓ Mionchuntas ar **fhostaíocht** an chomhluchta, mar atá agus mar a bheidh.

Ag Ullmhú do Ghnóphlean

Cuireann gnóphlean síos ar ghnó, a thimpeallacht oibre, a spriocanna luath agus mall.
Is fiú gnóphlean a cheapadh ar níos mó ná aon chúis amháin.
• Chun fiúntas do phlean a léiriú.
• Chun slat tomhais a cheapadh d'fhorbairt do ghnó.
• Chun cabhrú le mionphleanáil
• Chun a chur in luí ar eagrais mhaoinithe gur fiú cabhrú leat.
An chúis is bunsúsaí is ea chun a thaispeáint duit féin gur fiú do thionscadal.

Ar chóir comhairleoir gairmiúil a chúr á scríobh duit?
Teastóidh ó infheisteoir nó bancaer plean ód' láimh fhéin a léamh. D'fhéadfadh comhairleoir creatlach a leagan amach duit, agus d'fhéadfaidís cabhair a thabhairt duit chun airgead a fháil, súil a chaitheamh ar do phlean agus cluas triallach a thabhairt duit sula dtéir go dtí eagras creidmheasa.

Gnóphlean fónta.
• Leagan amach ciallmhar so-leanaithe
• Cuimsitheach ach ní théann thar fóir.
• Tosnaíonn le hathchoimre. Léann infheisteoirí é sin ar dtúis agus spreagtar chun breis léite iad.
• Meascán idir nótaí agus abairtí ann. Soiléire riachtanach. An chéad fhéachaint a théann i bhfeidhm.
Sé rud atá i ngnóphlean fónta ná ceann a thugann le tuiscint go n-oibreoidh sé.

De ghnáth faightear na míreanna seo leanas i ngnóphlean maith.
• Sonraí ar na gníomhairí, a gcáilíochtaí, taithí, leagan amach an ghnó agus sonraí teagmhála.
• Achoimre.
• An gnó a moltar (Earraí/seiribhísí, aidhmeanna/spriocanna, margadh/bearna líonta)
• Margadh agus beartas margaíochta (margadh, iomaíocht, straitéis).
• Cumas gnó agus foireann.
• Earraí/Seirbhísí, tairgeadh agus costas (déantús).
• Díolaíocht agus seachadach.
• Plean maoinithe (túsairgead, fásairgead, foinsí airgid).
• Airgead (mar shampla, maoiniú, tuar airgid, gluaiseacht airgid etc.)
• Nótaí breise (eolas breise).
• Ceadúnais riachtanacha de réir dlí agus rialacha, árachas, cáin, cead pleanála, teastas tine, sábháltacht etc.
• Pictiúirí léaráidí, litreacha tacaíochta, griangrafanna.

Braithfidh líon na míreanna agus a méid ar shaghas, méid, agus castacht an ghnó go bhfuiltear á mholadh.

Tá sampla de ghnóphlean agus gluaiseacht airgid ar fáil ón mbord. Cuirfidh ball den bhfoireann ar an eolas tú ar cad is gá.

Ag Iarraidh Cabhrach do Scrúdaithe Féidireachta

Má's ag iarraidh deontas do scrúdú féidireachta atáim, cé'n t-eolas is gá?

1. Cúlra na fóirne (úinéirí, stiúrthóirí, páirtithe an ghnó).
- Ainm agus sloinne, seoladh, uimhir telefóin.
- A cháilíochtaí.
- A thaithí oibre agus fostaíochta.

2. Sonraí an Scrúdaithe. Cuir síos go mion cé'n saghas scrúduithe é, a leithne agus a spriocanna.
- Aidhmeanna agus spriocanna.
- Cé a dhéanfaidh?
- Costas (taisteal etc. san áireamh)
- Mion-treoir an scrúdaithe.
- Earraí a beartaítear, margadh, lucht a gceannach, iomaitheoirí, postanna a cruthófar.

Ba chóir do scrúdaithe féidireachta na nithe seo leanas a mheas:
- Meastúchán ar an margadh (méid, a threo, a ghá, cathain agus conas)
- Meastúchán ar chaoi a dhéanta (déantús, scileanna).
- Meastúchán ceirde (forbairt an earra, scileanna, soláthar).
- Scrúdú airgid (brabús).
- Scrúdú ort féin, an dtabharfar cluas duit agus dod chomhlucht?
- Bunmhaoiniú. (Cé mhéid chun tosnú, agus cé uathu?)

Conas Deontaisí Airgid Cúnta a éileamh?

Má moltar cabhair airgid i gcomhair Costas Caipitil, conas a d'fhéadfainn an t-airgead a éileamh?

Má moltar an chabhair, comhlíonfar na coinníollacha seo leanas chun an t-airgead a éileamh.
- Na comhréitigh tugtha duit ón mBord a shíniú, ina n-áirítear Sceideal Coinníollacha do Chabhair Airgid, Gníomhas an chúnaint, Nóta Gealltanais agus Sceideal Athíoctha.
- Má glactar le scair-airgead, cead sínithe ó Stiúrthóir Chonradh Scairsealbhóirí an Bhoird.
- Admháileacha sonraithe deimhnithe de chostas, cáipéisí bunaidh. Ní glacfar go réidh le hairgead tirim. Gach sonra le VAT mar is cóir agus ní cabhraítear ach leis an mbunshuim lúide VAT. D'fhéadfadh an Bord cóipeanna de sheiceanna íoctha nó ráitísí bainc a lorg mar dhearbhú.
- Sa chás go bhfuiltear i mbun tógálaíochta caithfear Teastas C2 nó Teastas Cáiníoctha do gach conraitheoir san obair a thabhairt isteach.
- Éilimh i leith tógálaíochta le cruthúnas i leith Cead Pleanála, Teastas Tine agus Ceadúnaisí eile d'réir dlí (mar shampla Teastas Sláinte agus Sábháltachta do ghnóthaí bia agus sláinte).
- Taispeánfar teastais árachais i leith mhaoin an chomhluchta.

- Taispeánfar teastas cáiníoctha má bronntar breis is §6350 .
- Más méid mór atáthar á lorg, d'fhéadfadh gá a bheith le teastas cúntasóra ag dearbhú gur caitheadh an t-airgead mar a beartaíodh go ndéanfaí.

Má's Cabhair chun fostaíochta atá ag teacht chugam, conas a leagfaidh mé lámh air?
Má moltar, comhlíonfar na coinníollacha seo leanas.
• Bronntar a leath sa chéad sciar nuair a chuireann an bunaitheoir uimhir PPS an oibrí, a dháta tosnaithe agus a thuarastal bliantúil roimh cháin.
• Don tarna cuid taispeánfaidh an bunaitheoir gur baineadh an cháin agus PRSI cuí den oibrí, agus gur tugadh don mBailitheoir Ginearálta iad, agus go leanann an oibrí ag obair go lánaimseartha sé mhí i ndiaidh an chéad chuid airgid.
• Iad siúd a mheasann a gcáin féin, tabharfar isteach Teastas Cúntasóra ag dearbhú íocaíocht chánach, agus cathain is cóir é a dhéanamh.

• Má bronntar breis is §6350 tabharfar isteach Teastas Cáiníoctha.

Má moltar do Bheart Scaireanna mé, conas a gheobhaidh mé an t-airgead.
Sé rud atá i mBeart Scaireanna ná go nglacann an Bord Scaireanna Carnacha Incheannaithe i ngnó. Deintear so de réir comhréiteach scairsealbhóirí a shíníonn stiúrthóirí do chomhluchta agus stiúrthóirí an Bhord Fiontraíochta. Ní mar an gcéanna iad seo go léir, ach tá creatlach díobh ar fáil duit roimh iarrtas a dhéanamh. Comhlíonfar na nithe seo thíos sula scaoilfear aon airgead ósna Boird i leith scaireanna. Bíonn na príomh-scaireanna incheannaithe ar feadh 7 mbliana ar a mhéid, agus athíoctar i dteannta díbhinne, in achar ama a shocraíonn an Bord. D'fhéadfadh moill de dhá bhliain ar a mhéid a bheith san athíoc.

✓ Litir shínithe ag glacadh leis seo.
✓ Teastas Réiteach Cánach.
✓ Teastas Corprú.
✓ Cóip de mheamram agus airteagail pháirtíochta, leagan bunaidh.
✓ Cóip de mheamram agus airteagail pháirtíochta, leagan eagraithe (ag ceadú eisiúnt de phríomhstoc incheannaithe don mBord Fiontraíochta).
✓ Cóip de Rún an Bhóird ag glacadh le hathruithe don mheamram agus dosna hairteagail.
✓ Cóip de Rún chun scaireanna a bhronnadh ar Bhord Fiontraíochta Iarthar Chorcaí- Miontuairiscí an Chruinnuithe Speisialta.
✓ Gealltanas an inniucthóra ag dearbhú cead agus eisiúint scaireanna, agus an t-airgead faighte.
✓ Teastais scaireanna (fé shéala) in ainm Bhoird Fiontraíochta Chathair Chorcaí – eisithe i gceart.
✓ Cóip d'fhoirm B5 curtha isteach le deimhniú go bhfuil dleacht chaipitil réitithe.
✓ Ceithre chóip d'Fhoirm an Chómhréitigh i leith Príomhscaireanna, sínithe agus fé shéala.
✓ Eolas fé fhostaithe, (Ainm, Seoladh, Uimhir PPS agus dátá a dtosnaithe).
✓ Teastas Árachais.
✓ Coinníollacha eile a leagann an Bord síos agus léirithe i gconradh na scairsealbhóirí

Má moltar Cabhair i gcomhair Scrúdú Féidireachta, conas a ghabfainn an deontas.
Má moltar cabhair do scrúdú féidireachta, siad na coinníollacha agus na réimsí caiteachais seo leanas a bhíonn i bhfeidhm..

• Caiteachas a ceadaítear..
  – Taighde Margaidh.
  – Tuar costais agus tuar airgid.
  – Ullmhú fréamhshamhla.
  – Scrúdaithe déantúis.
  – Scrúdaithe innealra etc.
  – Soláthar bunabhair.
  – Scrúdaithe eile a bhaineann le cur chun cinn gnó.
• **Costaisí a ceadaítear.**

– Pá chomh hard le §10 san uair. Costas mar thaisteal - §0.5 an míle.

– Cothú – §50 sa ló.
– Fón agus litreacha.
– Caiteachas ar fhréamhshamhail, tástáil, etc.
– Fiacha do dhaoine gairmiúla (Taighde Margaidh, forbairt earraí).

- Tabharfar admháileacha sonraithe deimhnithe de chostas, cáipéisí bunaidh. Deimhnithe ag an soláthróir. Gach sonra le VAT mar is cóir agus ní cabhraítear ach leis an mbunshuim lúide VAT. D'fhéadfadh an Bord cóipeanna de sheiceanna íocthaithe nó ráitísí bainc a lorg mar dhearbhú.
- Teastas inniúcthóra ag dearbhú costaisí áirithe mar phá, costaisí taistil agus mar sin de a bhaineann le fear an scrúdaithe.
- Cur isteach cóip den scrúdú mar a beartaíodh san iarrtas.

Oiliúint agus Tacaíocht Gnó do Chomhluchtaí Beaga

Is tábhactach an ní é oiliúint i bhforbairt agus i riaracháin chomhlucht beag. I saol síor-athruitheach gnó an lae inniu, is gá bheith os cionn do bhuile ó thaobh teicneolaíochta agus mar sin de chun do cheann a choimeád os cionn uisce. Tá sé d'aidhm ag an mbord comhluchtaí beaga a mhúineadh conas déanamh go maith sa mhargadh domhanda seo go bfhuil éileamh á thiomáint.

Cuireann Boird Fhiontraíochta ladhar maith de chúrsaí oiliúna, cláranna agus seimineáranna do ghnó-eagraithe go bhfuil cuimhneamh nua acu, nó d'úinéirí nó bainisteoirí i ngnóthaí nua nó a mhalairt. Freastalaíonn na saghasanna oiliúna a chuireann an Bord ar fáil ar na céimeanna éagsúla i bhforbairt mhionghnó. Teagascóirí gairmiúla a bhionn acu.

Samplai iad seo thíos.
- Gnó-chúrsa réamh-fhiontarach/cúrsaí bainistíochta do ghnóthaí beaga.
- Cúrsaí i leith Forbairt Bainistíochta
- Oiliúint ar fhorbairt bainistíochta do mhnáibh.
- Tráchtáil leictreonach/Dearadh gréasáin.
- Achoimriú gnó agus seimineáir.
- Cúntaisí le ríomhairí.
- Bun-Airgeadas/Cáin.
- Cúrsaí Speisialta.
- Gnóghréasáin.

An Clár Comhairle.
Sé aigne an Bhoird sa chlár seo ná comhairleoirí sealadacha a sholáthar do chomhluchtaí chun sceacha sna cosáin a ghlanadh dhóibh. Duine déanta gnó atá i ngach éinne ar an bpainéal comhairleoirí, iad uile ann go deonach ag tairiscint cabhrach agus eolas. Cabhraíonn siad i gcúrsaí bainistíochta, airgeadais, ullmhú earraí, margaíocht, seachadadh, gnó-eagrú agus beartaíocht.

Módh oibre an Chláir
✓ Aon ghnó i dteideal cabhair rúnda, téadh sé i dteagmháil leis an mBord chun comhairleoir a fháil.

✓ Bítear cúramach comhairleoir oiriúnach don gcomhlucht ó thaobh eolais agus taithí, a cheapadh chun an ghnótha.

- ✓ Síníonn an comhairleoir comhaontú iontaoibhe.
- ✓ Téann an comhairleoir i gcomhairle le dream an chomhluchta ar feadh tréimhse áirithe i méid áirithe cruinnithe, ag cur comhairle orthu is ag míniú an bhóthair dóibh.
- ✓ Molann sé an bóthar ceart chun iad a stiúradh i dtreo a leasa.
- ✓ Tugann sé treoir dóibh, léiríonn laigí agus buntáistí i bhfiontair atá fé chaibidil acu agus tugann breith neamh-spleách ar thuarimí.

Na deich gCéim is gá chun gnó a thosnú

1. Taighde margaidh.

2. Soláthar bunábhair agus a gcostas.

3. Cúrsaí déantúis, foirgneamh, innealra, foireann.

4. Costas Iomlán.

5. Praghas díolta a mheas.

6. Feachtas margaíochta a bheartú.

7. Cur chuige ó thaobh dlí.

8. Féach isteach i ndlithe a bhainfeadh leat.

9. An mór is gá ó thaobh airgid de, agus cá bhfaighir?

10. Cuir gnóphlean le chéile.

Useful Links

www.artscouncil.ie	Arts Council of Ireland
www.basis.ie	Business Access to State Information Services
www.cso.ie	Central Statistics Office, Ireland
www.chambersireland.ie	Chambers of Commerce of Ireland
www.cro.ie	Companies Registration Office
www.tca.ie	Competition Authority of Ireland
www.corkbic.com	Cork Business & Innovation Centre
www.corkcorp.ie	Cork City Council
www.corkceb.ie	Cork City Enterprise Board
www.corkcoco.ie	Cork County Council
www.cit.ie	Cork Institute of Technology
www.craftscouncil-of-ireland.ie	Crafts Council of Ireland
www.entemp.ie	Department of Enterprise, Trade & Employment
www.empower.ie	Enterprise Boards web portal
www.enterprise-ireland.com	Enterprise Ireland
www.eic.ie	European Information Centre
www.fsai.ie	Food Safety Authority of Ireland
www.gep.ie	Genesis Enterprise Programme
www.irlgov.ie	Government of Ireland
www.startingabusinessinireland.com	Guide to Starting a Business
www.hsa.ie	Health & Safety Authority
www.iedr.ie	IE Domain Registry Ltd
www.infrastructure.ie	Infrastructure (Irish Physical Social & Enterprise Infrastructure)
www.ndp.ie	Ireland's National Development Plan (NDP) 2000-2006
www.fas.ie	Ireland's National Training & Employment Authority
www.teagasc.ie	Irish Agriculture & Food Development Authority
www.bordbia.ie	Irish Food Board
www.relayresearch.ie	Irish Food Research (one stop shop)
www.irishfranchiseassociation.com	Irish Franchise Association
www.iia.ie	Irish Internet Association
www.patentsoffice.ie	Irish Patents Office
www.revenue.ie	Irish Revenue Commissioners
www.software.ie	Irish Software Association
www.isme.ie	ISME (Irish Small & Medium Enterprises Association)
www.kerryceb.ie	Kerry Enterprise Board
www.forfas.ie	National Policy Advisory Board (Enterprise)
www.nsc-campus.com	National Software Centre (Cork)
www.nsd.ie	National Software Directorate
www.theenterpriseoffice.com	North Cork Enterprise Board
www.plato.ie	Plato Ireland (Business Support Forum)
www.sfa.ie	Small Firms Association
www.sceb.ie	South Cork Enterprise Board
www.telework.ie	Telework Ireland
www.ucc.ie	University College Cork
www.wceb.ie	West Cork Enterprise Board



LEABHRÁN EOLAIS

Bord Fiontraíochta Iarthar Chorcaí,
Sráid Kent,
Cloch na Coillte,
Co.Chorcaí.
T: 023-34700
F: 023-34702
www.wceb.ie
enterprise@wceb.ie.